

Nóta Eolais

Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 (“Acht 2023”)

Teacht i bhfeidhm forálacha maidir le cosaint taifead i ndáil le torthaí nó fionnachtana oibre arna ceadúnú faoi Acht 2023 nó faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 agus réada seandálaíochta a aimsítear le linn na hoibre sin

Réamhrá

Is é cuspóir an nóta seo ná aird a tharraingt ar cheanglais reachtúla i ndáil le cosaint agus fógra a bhfuil feidhm acu anois ar chúinsí áirithe maidir le taifid i ndáil le torthaí nó fionnachtana oibre arna ceadúnú (nó a bhfuil toiliú tugtha di) faoi Acht 2023 nó faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014. Tagraítear do na taifid sin sa reachtaíocht mar “thaifid ábhartha” agus tagraítear dóibh amhlaidh sa Nóta seo. Seo a leanas na cúinsí atá i gceist (mar achoimre):

1. i gcás go bhfuil sealbhóir an cheadúnais nó an cheada ábhartha básaithe, **nó**
2. tá na taifid sin i seilbh cuideachta atá díscailte nó a bhfuiltear i mbun próiseas díscailte.

Tá feidhm ag na ceanglais i ndáil le cosaint agus fógra atá leagtha amach thíos freisin maidir le réada seandálaíochta a aimsítear le linn oibre atá ceadúnaithe nó a bhfuil toiliú tugtha di faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta nó faoi Acht 2023. I bhformhór mór na gcásanna, áfach, beidh réada den sórt sin, i gcás ar bith, ina maoin de chuid an Stáit i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus (faoi fhorálacha eile na reachtaíochta) ní féidir iad a dhiúscairt gan cead a fháil ó Bhord an Ard-Mhúsaem. Fiú i gcás nach bhfuil réada seandálaíochta ina maoin de chuid an Stáit, tá srianta ginearálta faoin reachtaíocht maidir lena ndiúscairt gan fógra a thabhairt roimh ré don Ard-Mhúsaem. Tá béim sa Nóta seo curtha ar thaifid, mar sin.

Maidir le taifid, ba cheart a chuimhneamh nach dtéann na ceanglais i ndáil le cosaint agus fógra a bhfuil achoimre tugtha orthu thíos in ionad choinníollacha aon cheadúnais nó aon toilithe atá i seilbh duine ar bith.

Ní comhairle dlí atá sa Nóta seo. Féadfar forálacha na reachtaíochta a shonrú mar achoimre nó mar athleagan chun cabhrú lena dtuiscint. Tá freagracht ar na páirtithe go léir as a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis na ceanglais dhlíthiúla ábhartha agus ba cheart comhairle dlí a ghlacadh i gcás amhrais ar bith.

Tá na ceanglais dlí atá i gceist cuimsithe in alt 159 d'Acht 2023, a tháinig i bhfeidhm ar an 31 Bealtaine 2024.¹ Tá dhá phríomhriail dhlíthiúla bunaithe faoi alt 159, atá leagtha amach thíos.

Raon feidhme na “dtaifead ábhartha”

Chun críocha alt 159 sainmhínítear mar seo a leanas an téarma “taifid ábhartha”:

“taifid ar bith a bhaineann le torthaí nó fionnachtana aon oibre nó gníomhaíochta arna déanamh faoi údarú nua nó faoi sheanúdarú, nó taifeadadh na dtorthaí nó na bhfionnachtana sin nó ullmhú tuarascála ina leith, ach nach n-áirítear leo taifid de chineál airgeadais nó riaracháin amháin.

Tagraítear leis an téarma “údarú nua” do cheadúnais etc. arna n-eisiúint faoi Acht 2023, agus tagraítear le “seanúdarú” do cheadúnais, toilithe etc. arna n-eisiúint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar an téarma “taifid” agus chuimseofaí leis taifid i bhfoirm leictreonach.

An chéad riail dhlíthiúil: Cosc ar dhiúscairt taifead ábhartha etc. i gcúinsí áirithe

Le hAlt 159(4) d'Acht 2023, cuirtear cosc (ach amháin i gcás go ndéantar é le toiliú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht nó aon Aire a thagann ina ndiaidh) ar ionadaí pearsanta do dhuine básaithe, nó ar leachtaitheoir nó ar ghlacadóir ó dhochar a dhéanamh do thaifid ábhartha, iad a scrios, a dhiúscairt, a dhíol nó a aistriú. I gcás go gceadaítear aon dochar, diúscairt etc. dá leithéid, ní mór é a dhéanamh i gcomhréir le haon treoracha a thugann an tAire.

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá feidhm ag cosc den sórt sin maidir le réada seandálaíochta, ach i bhformhór mór na gcásanna, beidh na réada sin, i gcás ar bith, faoi réir rialacha reachtúla eile lena gcuirtear srian lena ndiúscairt.

Cion atá i gceist le sárú ar an gcosc atá leagtha amach in alt 159(4) a bhféadfar é a ionchúiseamh go hachomair nó ar díotáil (i.e. sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda).²

An dara riail dhlíthiúil: Ceanglas fógra a thabhairt maidir le taifid ábhartha i gcúinsí áirithe

I gcás go bhfuiltear chun cuideachta a fhoirceannadh nó go bhfuil sealbhóir ceadúnais nó ceadá básaithe, faoi alt 159(2) d'Acht 2023 ní mór don leachtaitheoir nó don ghlacadóir nó do na hionadaithe pearsanta don duine éagtha (de réir mar a bheidh) fógra faoi ábhair áirithe a sheoladh don té nó don chomhlacht a d'eisigh an ceadúnas nó an toiliú atá i gceist. Tá feidhm ag Alt 159(2) i gcás go raibh nó go bhfuil taifid ábhartha i seilbh an duine éagtha nó na cuideachta, de réir mar a bheidh. Tá feidhm aige freisin i gcás go bhfuil nó go raibh réada

¹ Féach ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 252 de 2024, Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, (Tosach Feidhme) 2024.

² Alt 175 fo-ailt (3) agus (4) d'Acht 2023.

seandálaíochta a aimsíodh le linn oibre a bhí ceadúnaithe nó ar toilíodh di faoin reachtaíocht, i seilbh an duine nó na cuideachta sin.

Ní mór an fógra riachtanach a thabhairt a luaithé is indéanta tar éis bhás an duine atá i gceist nó tar éis an tosaigh a cuireadh le cuideachta a fhoirceannadh (chun eolas a fháil ar na rialacha mionsonraithe is infheidhme i gcás go ndéantar cuideachta a fhoirceannadh, ba cheart tagairt a dhéanamh d'alt 159(2) d'Acht 2023). Tá an fhoráil “a luaithé is indéanta” faoi réir 21 lá ar a mhéad (agus tréimhse níos lú i gceist i roinnt cúinsí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht).

Ba cheart a thuiscint gurb iad an duine nó an comhlacht a d'eisigh an ceadúnas nó an toiliú atá i gceist (“an t-údarás ábhartha” i dtéarmaíocht na reachtaíochta), maidir le tochair nó oibreacha ceadúnaithe seandálaíochta ar toilíodh dóibh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta ná an tAire ag a bhfuil na feidhmeanna ceadúnaithe nó toilithe sin faoi láthair faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (nó na feidhmeanna analógacha nuair a thiocfaidh Acht 2023 i ngníomh go hiomlán). Chun é a rá ar bhealach eile, mar atá amhlaidh tráth eisiúna an Nóta seo, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Tá an bealach inar cheart fógra a thabhairt agus an fhaisnéis nach mór a bheith ann sonraithe in alt 159(2) d'Acht 2023 agus sna rialacháin arna ndéanamh faoi.³

Ní mór an fógra a sheoladh leis an bpost cláraithe chuig sheoladh cheannoifig an údaráis ábhartha, agus le ríomhphost chuig an seoladh atá sonraithe ar shuíomh gréasáin an údaráis ábhartha (mar atá mínithe thuas, ciallaíonn “údarás ábhartha” an duine nó an comhlacht a d'eisigh an ceadúnas etc., agus é sin le tuiscint i gcomhréir leis an áit a bhfuil an fheidhm cheadúnaithe sin bunaithe faoi láthair).

Chun críocha fógra le ríomhphost a sheoladh chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (nó aon Aire a thagann ina ndiaidh), is é an seoladh ríomhphoist ná, go dtí go bhfógrófar a mhalairt:

nationalmonuments@housing.gov.ie

Ní mór comhairle a thabhairt ar na hábhair seo a leanas:

- I gcás cuideachta a bhfuil tús curtha aige le fhoirceannadh (le haghaidh ceanglais bheachta féach ar alt 159(2));
- I gcás duine aonair atá tar éis bás a fháil;
- Aitheantas na cuideachta nó an duine aonair (de réir mar a bheidh);
- Suíomh na dtaifead nó na réada seandálaíochta ábhartha;
- Aon uimhir nó aitheantóir uathúil eile a eisíodh leis an gceadúnas, leis an toiliú etc. agus atá ar eolas ag an duine a thugann an fógra.

Ní mór an fógra a mharcáil go soiléir mar “Fógra faoi alt 159(2)”.

Má mhainnítear an fógra a éilítear a thabhairt cion atá i gceist agus féadfar é a thriail go hachomair (i.e. sa Chúirt Dúiche).⁴

³ Ionstraim Reachtuil Uimh. 492 de 2024, na Rialacháin um Oidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta (Fógra faoi Sheilbh Taifead) 2024.

⁴ Alt 175, fo-ailt (7) agus (8) d'Acht 2023.

Tráchtá agus comhairle ghinearálta

Is bunriachtanach a thuiscint nach dtéann aon rud thuas in ionad coinníollacha nó toilithe arna n-eisiúint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus nach rachaidh sé in ionad coinníollacha aon cheadúnais a eiseofar faoi Acht 2023. Mar shampla, i gcás go dtéann cuideachta a bhfuil taifid ábhartha ina seilbh i mbun foirceanta, bheadh an ceanglas chun cloí leis na rialacha atá leagtha amach thuas sa bhreis ar na ceanglais ar dhuine ar bith a bhfuil ceadúnas ina seilbh, seachas ina n-ionad.

Mar a sonraíodh cheana, ní athraítear leis na ceanglais atá leagtha amach thuas an seasamh dlíthiúil i ndáil le húinéireacht ar réada seandálaíochta i gcás ar bith. Is gá a thuiscint freisin nach n-athraítear ach an oiread an seasamh dlíthiúil i ndáil le húinéireacht ar thaifid arna dtiomsú le linn obair cheadúnaithe nó thoilithe. **Ní** bheidh taifid dá leithéid, de bharr na reachtaíochta seo, ina maoin de chuid an Stáit go huathoibríoch agus ní thiocfaidh aon cheart uathoibríoch chun na taifid sin a chur faoi bhráid an Stáit chun cinn de bharr na reachtaíochta seo amháin.

Ag féachaint don mhéid thuas (agus ar aon dul leis na prionsabail sheanbhunaithe maidir le bainistíocht ar thionscadail seandálaíochta agus oidhreacht eile), moltar do cheadúnaithe, do shealbhóirí toilithe nó do chuideachtaí a bhfuil taifid ina seilbh i ndáil le tionscadail arna rialáil faoin reachtaíocht ábhartha machnamh a dhéanamh go tráthúil ar shocrú a dhéanamh chun na taifid sin a chur i dtaisce go fadtéarmach. .

Breathnú ar an reachtaíocht

Is féidir féachaint ar Acht 2023 anseo:

[*Acht na hOidhreachtá Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023*](#)

Is féidir féachaint ar na Rialacháin a rinneadh faoi Acht 2023 [anseo](#).

CLÁSAL SÉANTA

Tabhair faoi deara gur mar eolas amháin a chuirtear an méid thuas ar fáil agus nach léirmhíniú dlíthiúil é.

Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá

Deireadh Fómhair 2024